



Ráiteas ón gCoimisinéir Teanga – 8 Aibreán 2016

Is ábhar mór inní ach ní haon ábhar iontais na figiúirí is déanaí atá curtha ar fáil ag Ranna Rialtais ar líon na bpost ina gcuid eagraíochtaí go mbaineann riachtanas Gaeilge leo. Tá an freagra ar an gceist Dála is déanaí ar an ábhar seo ag teacht cuid mhaith le freagraí a cuireadh ar fáil roimhe seo a léiríonn an laghad post a mbaineann riachtanas Gaeilge leo sa tseirbhís phoiblí i láthair na huaire.

Is mar chuid den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030, a tugadh le fios go n-ainmneofaí poist a mbeadh riachtanas Gaeilge luaite leo i scéimeanna teanga na n-eagraíochtaí Stáit. Níl sé seo ag tarlú ar aon bhealach cuimsitheach ná córasach in ainneoin é bheith ráite roimhe seo go ndéanfaí an soláthar sin mar chuid den phróiseas pleanála d'fhórsa saothair sa tseirbhís phoiblí. Tá a thionchar sin le feiceáil san easpa téagair a bhaineann le gealltanais a bhíonn tugtha i roinnt scéimeanna teanga.

Ní bheidh aon éifeacht leis an chuid sin de pholasaí earcaíochta an Stáit a éilíonn go mbeadh Gaeilge ag 6% d'earcaigh nua, má tharlaíonn sé gur beag post atá á n-aithint ag Ranna Rialtais ina dteastaíonn daoine le Gaeilge. Is deacair an drogall atá ar Ranna Rialtais poist le riachtanas Gaeilge a shainaithe nuair a bhí sé mar argóint le blianta roimhe seo gur bhain dúshlán go leor le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge ceall dóthain foirne le hinniúlacht sa teanga sin.

Luíonn sé le réasún nach féidir réimse leathan seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal ach amháin má tá dóthain foirne ar fáil leis an gcumas chun an méid sin a dhéanamh. Níl aon amhras orm ach nach bhfuil líon leordóthanach foirne ar fáil sa tseirbhís phoiblí faoi láthair chun freastal mar is ceart a dhéanamh ar lucht labhartha na Gaeilge. Tá sé ina chúis inní dom go gcaillfear an deis atá ann anois athchothromú a dhéanamh ar líon na bhfostaithe le Gaeilge sa tseirbhís phoiblí agus tús curtha in athuair le hearcaíocht san earnáil phoiblí.

Is ábhar é seo áfach a bhaineann le beartais an Stáit i leith na Gaeilge seachas le cur i bhfeidhm reachtaíochta. Is gníomh seachas gealltanais atá de dhíth.

- Críoch -

Breis Eolais ó:

Colm Ó Coisdealbha

Stiúrthóir na hOifige
Oifig an Choimisinéara Teanga
An Spidéal
Gaillimh
091504006
eolas@coimisineir.ie